C/2024/5923

2.10.2024

TUAIRIM ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 30 Lúnasa 2024

ar an togra le haghaidh rialachán maidir le creat le haghaidh Rochtain ar Shonraí Airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 1095/2010 agus (AE) 2022/2554

(CON/2024/29)

(C/2024/5923)

Réamhrá agus bunús dlí

An 28 Meitheamh 2023, ghlac an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat le haghaidh Rochtain ar Shonraí Airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 1095/2010 agus (AE) 2022/2554 ([1]) (dá ngairtear an 'rialachán atá beartaithe' anseo feasta). Measann an Banc Ceannais Eorpach (BCE) go dtagann an rialachán atá beartaithe faoina raon feidhme inniúlachta agus, dá bhrí sin, chinn sé a cheart a fheidhmiú, dá bhforáiltear sa dara habairt d'Airteagal 127(4) agus in Airteagal 282(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tuairim féintionscnaimh a ghlacadh maidir leis an rialachán atá beartaithe.

Is ar Airteagal 127(4) agus Airteagal 282(5) den Chonradh atá inniúlacht BCE maidir le tuairim a thabhairt bunaithe ós rud é go bhfuil forálacha in AMLAR a dhéanann difear do chúraimí BCE maidir le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa faoi Airteagal 127(6) den Chonradh. I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá an Chomhairle Rialaithe tar éis an tuairim seo a ghlacadh.

1. **Barúlacha ginearálta**

1.1. Is cuid thábhachtach den straitéis Eorpach maidir le sonraí é an rialachán atá beartaithe ([2]). Is é is aidhm do chreat dlíthiúil láidir a bhunú chun comhroinnt sonraí custaiméirí san earnáil airgeadais a bhainistiú thar chuntais íocaíochta cur ar chumas custaiméirí, tomhaltóirí aonair agus gnólachtaí rochtain a fháil ar tháirgí agus ar sheirbhísí pearsantaithe sonraíbhunaithe a chomhlíonann a riachtanais shonracha ar bhealach níos fearr. Is díol sásaimh do BCE cuspóir an rialacháin atá beartaithe maidir le creat a thabhairt isteach chun rochtain a fháil ar shonraí custaiméirí agus chun iad a úsáid. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin nuálaíocht chun cinn, go ndéanfadh sé seirbhísí airgeadais níos iomaíche agus go dtabharfadh sé níos mó smachta do chustaiméirí ar a gcuid sonraí airgeadais féin. D'fhéadfadh an togra rannchuidiú freisin le hAontas na Margaí Caipitil a fhorbairt a mhéid a spreagann sé soláthraithe chun raon níos leithne seirbhísí a thairiscint atá níos oiriúnaí do riachtanais na gcustaiméirí agus chun táillí a ísliú de réir mar a éiríonn an margadh níos iomaíche.

1.2. Leis an rialachán atá beartaithe, glactar cur chuige atá dírithe ar chustaiméirí trí uirlisí a chur ar fáil lenar féidir sonraí airgeadais custaiméirí a rialú. I ndáil leis sin, leis an rialachán atá beartaithe, tugtar an ceart do chustaiméirí a iarraidh ar shealbhóirí sonraí ([3]) sonraí custaiméirí a chomhroinnt le húsáideoirí ([4]) sonraí chun na gcríoch agus faoi na coinníollacha a cheadaíonn na custaiméirí ([5]) go sonrach, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go leanfaidh comhroinnt sonraí deonú ceada an chustaiméara i gcónaí le haghaidh comhroinnt sonraí den sórt sin. Chuige sin, forchuirtear leis an rialachán atá beartaithe oibleagáidí ar shealbhóirí sonraí rochtain ([6]) den sórt sin a chur ar fáil agus deaiseanna ceada rochtana ar shonraí airgeadais ([7]) a chur ar fáil do chustaiméirí a chuirfidh ar a gcumas faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar na ceadanna a thug siad. Comhlánaítear an tacar rialacha sin, atá ceaptha chun trédhearcacht agus muinín custaiméirí sa phróiseas comhroinnte sonraí a fheabhsú, le coimircí breise. Áirítear orthu sin láimhseáil fhreagrach sonraí a áirithiú trí rochtain ar shonraí custaiméara a shrianadh d'institiúidí airgeadais atá údaraithe cheana féin agus do sholáthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais nua-údaraithe ([8]), ar catagóir nua soláthraithe seirbhíse iad ([9]). Thairis sin, ceanglaítear ar an Údarás Baincéireachta Eorpach agus ar an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde, i gcomhar leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí, treoirlínte

([1]) COM(2023) 360 final.
([2]) COM(2020) 66 final.
([3]) Féach Airteagal 3, pointe (5), den rialachán atá beartaithe.
([4]) Féach Airteagal 3, pointe (6), den rialachán atá beartaithe.
([5]) Féach Airteagal 3, point (2), agus Airteagal 5 den rialachán atá beartaithe.
([6]) Féach Airteagail 4 agus 5 den rialachán atá beartaithe.
([7]) Féach Airteagal 8 den rialachán atá beartaithe.
([8]) Féach Airteagal 6 den rialachán atá beartaithe.
([9]) Féach Airteagal 12(14) den rialachán atá beartaithe.

spriocdhírithe a fhorbairt lena mbunófar imlíne úsáide sonraí lena gcosnófar an tomhaltóir ar chóir éagórach nó ar rioscaí eisiaimh ([10]). Ina theannta sin, ceanglaítear leis an rialachán atá beartaithe caighdeánú sonraí custaiméirí agus bunaítear leis ceanglais maidir le scéimeanna comhroinnte sonraí airgeadais a chruthú agus a rialú chun comhroinnt sonraí a chuíchóiriú agus chun cothrom iomaíochta a áirithiú trí chreat conarthach a fhorbairt maidir le rochtain, trédhearcacht, cúiteamh, dliteanas agus réiteach díospóidí. Leis an rialachán atá beartaithe, ceanglaítear freisin ar údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas rialachais sin ([11]).

1.3. Tugann BCE dá aire go bhféadfar sonraí maidir le comhaontuithe creidmheasa morgáiste, iasachtaí agus cuntais, seachas cuntais íocaíochta, a áireamh sna sonraí custaiméara a bhfuil sé d'oibleagáid ar shealbhóirí sonraí iad a sholáthar d'úsáideoirí sonraí arna iarraidh sin do chustaiméir, chomh maith le sonraí ar cuid iad de mheasúnú acmhainneachta creidmheasa ar ghnólacht a bhailítear mar chuid de phróiseas iarratais ar iasacht nó d'iarraidh ar rátáil chreidmheasa ([12]). Sonraí arna mbailiú de bhun Rialachán (AE) 2016/867 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2016/13) ([13]) (dá ngairtear 'Rialachán AnaCredit' anseo feasta) a roinneadh le hinstitiúidí creidmheasa tríd an sásra um lúb aiseolais ar bhonn Airteagal 11 de Rialachán AnaCredit, níor cheart iad a chomhroinnt a thuilleadh le húsáideoirí sonraí ar bhonn Airteagail 4 agus 5 den rialachán atá beartaithe. Sháródh comhroinnt den sórt sin Airteagal 11(1) de Rialachán AnaCredit, lena sriantar úsáid na sonraí sin go heisiach ar bhainistíocht riosca creidmheasa ag na hinstitiúidí creidmheasa agus lena bhfeabhsaítear cáilíocht na faisnéise creidmheasa, lena dtoirmeasctar go sainráite í a nochtadh do pháirtithe eile seachas in imthosca srianta áirithe. Dá bhrí sin, ba dhíol sásaimh do BCE ráiteas sainráite sa rialachán atá beartaithe chun a shoiléiriú go ndéantar na sonraí a roinntear le hinstitiúidí creidmheasa tríd an sásra um lúb aiseolais ar bhonn Airteagal 11(1) de Rialachán AnaCredit a eisiamh ó bheith á roinnt le custaiméirí nó le húsáideoirí sonraí faoi Airteagail 4 agus 5 den rialachán atá beartaithe.

1.4. Leis an rialachán atá beartaithe, ceanglaítear ar na Ballstáit na húdaráis inniúla a ainmniú a bheidh freagrach as na feidhmeanna agus na dualgais dá bhforáiltear ann a chomhlíonadh ([14]). Maidir le hinstitiúidí airgeadais, sainaithnítear sa rialachán atá beartaithe mar údaráis inniúla na húdaráis sin a shonraítear in Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]) ('DORA' anseo feasta) ([16]). Ní mór do na húdaráis inniúla a áirithiú go gcomhlíonfar an rialachán atá beartaithe i gcomhréir leis na cumhachtaí a dheonaíonn BCE leis an rialachán atá beartaithe agus leis na gníomhartha dlí faoi seach a liostaítear in Airteagal 46 de DORA ([17]), lena bhforáiltear go bhfuil comhlíonadh DORA le háirithiú d'institiúidí creidmheasa a aicmítear mar institiúidí suntasacha i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle ([18]) (dá ngairtear 'Rialachán SAM' anseo feasta) i gcomhréir leis na cumhachtaí agus na cúraimí a thugtar le Rialachán SAM ([19]). Tá sé ríthábhachtach a thabhairt faoi deara go ndíríonn DORA ar athléimneacht oibríochtúil, cé gurb é cosaint tomhaltóirí príomhfhócas an rialacháin atá beartaithe, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hinniúlachtaí éagsúla chun an difríocht sin a dhéanamh.

1.5. I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart ról BCE faoin rialachán atá beartaithe, ó thaobh a inniúlachta maoirseachta stuamachta de, a shoiléiriú (féach mír 2).

2. **Soiléiriú ar inniúlacht mhaoirseachta BCE**

2.1. Foráiltear leis an rialachán atá beartaithe go ndéanfaidh BCE maoirseacht ar chomhlíonadh suntasach institiúidí creidmheasa leis. Is ábhar imní do BCE go sanntar leis an rialachán atá beartaithe, dá bhrí sin, cúraimí maoirseachta do BCE nach de chineál stuamachta iad, ach a bhaineann le cosaint tomhaltóirí. Bheadh sé sin ar neamhréir leis an bhfíoras nach bhféadfaidh an Chomhairle ach cúraimí sonracha a bhaineann le maoirseacht stuamachta a thabhairt d'aon toil do BCE faoi Airteagal 127(6) den Chonradh. Dá réir sin, le Rialachán SAM, sanntar do BCE, chun críocha

([10]) Féach Airteagal 7 den rialachán atá beartaithe.
([11]) Féach Airteagail 9 agus 10 den rialachán atá beartaithe.
([12]) Féach Airteagal 2(1), pointí (a) agus (f), agus Airteagail 4 agus 5 den rialachán atá beartaithe.
([13]) Rialachán (AE) 2016/867 ón mBanc Ceannais Eorpach an 18 Bealtaine 2016 maidir le sonraí gráinneacha creidmheasa agus riosca creidmheasa a bhailiú (BCE/2016/13) (IO L 144, 1.6.2016, lch. 44).
([14]) Féach Airteagal 17(1) den rialachán atá beartaithe.
([15]) Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1).
([16]) Féach Airteagal 17(4) den rialachán beartaithe.
([17]) Féach Airteagal 17(4) den rialachán beartaithe.
([18]) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).
([19]) Feach Airteagal 46, pointe (a), de DORA.

maoirseachta stuamachta, an cúram a áirithiú go gcomhlíonfaidh institiúidí creidmheasa suntasacha gníomhartha ábhartha uile an Aontais, lena bhforchuirtear ceanglais ar institiúidí creidmheasa, inter alia, próisis láidre bainistíochta riosca agus sásraí rialaithe inmheánaigh a bheith i bhfeidhm acu. ([20]) Tá ról maoirseachta stuamachta BCE ina leith sin teoranta dá áirithiú go gcuirfidh institiúidí creidmheasa beartais agus próisis chun feidhme chun a neamhchosaint ar rioscaí stuamachta a mheas agus a bhainistiú, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le gnéithe éagsúla de shamhlacha gnó, rialachas agus rioscaí oibríochtúla na mbanc. Sanntar na cúraimí sin do BCE chun sábháilteacht agus fóntacht na n-institiúidí creidmheasa agus cobhsaíocht an chórais airgeadais a áirithiú ([21]). Ní fhéadfar a mheas gur údarás inniúil é BCE ach a mhéid is gá chun na cúraimí a thugtar dó faoi Rialachán SAM a chur i gcrích ([22]).

2.2. Leis an rialachán atá beartaithe, saothraítear an cuspóir maidir le cosaint tomhaltóirí seachas sábháilteacht agus fóntacht institiúidí creidmheasa a áirithiú. Déanann sé amhlaidh (1) trí rialacha a leagan amach maidir le comhroinnt sonraí airgeadais custaiméara agus rochtain orthu, agus (2) trí fhéachaint lena áirithiú go gcomhlíonann na rialacha sin na ceanglais agus na hoibleagáidí is gá chun rialú agus trédhearcacht a mhéadú. Dá bhrí sin, maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa rialachán atá beartaithe ag institiúidí creidmheasa suntasacha, tá sí lasmuigh de raon feidhme inniúlachtaí maoirseachta stuamachta BCE faoin gConradh agus faoi Rialachán SAM. Tá an chonclúid sin ag teacht le haithris 28 de Rialachán SAM, lena soiléirítear nach bhfuil cosaint tomhaltóirí i measc na gcúraimí maoirseachta a thugtar do BCE agus go bhfanann sí faoi shainchúram na n-údarás náisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart a shoiléiriú gan débhrí i dtéacs an rialacháin atá beartaithe nach n-ainmnítear BCE mar údarás inniúil a gcuirtear aon chúraimí cosanta tomhaltóirí de chúram air ([23]), lena n-áirítear ina ról mar mhaoirseoir comhdhlúthaithe ([24]).

2.3. Mar sin féin, leagann BCE béim ar an ngá atá le bunús dlí soiléir a chur ar fáil chun comhar a áirithiú ([25]), lena n-áirítear malartuithe faisnéise ábhartha idir BCE agus na húdaráis inniúla arna n-ainmniú faoin rialachán atá beartaithe a éascú. Tá sé sin i gcomhréir le haithris 29 de Rialachán SAM, lena sonraítear gur cheart do BCE comhoibriú, de réir mar is iomchuí, go hiomlán leis na húdaráis náisiúnta atá inniúil chun ardleibhéal cosanta tomhaltóirí a áirithiú.

2.4. Ar an mbonn sin, molann BCE gur cheart Airteagail 3(4) agus 17(4), Airteagal 18(1), pointe (b)(v), agus Airteagal 26(1) den rialachán atá beartaithe a leasú chun a áirithiú go léireoidh inniúlachtaí BCE faoin rialachán atá beartaithe na cúraimí a thugtar dó leis an gConradh agus le Rialachán SAM.,

I gcás ina molann BCE go leasófar an rialachán atá beartaithe, leagtar amach tograí sonracha maidir le dréachtú i ndoiciméad oibre teicniúil ar leith a mbeidh téacs míniúcháin chun na críche sin ag gabháil leis. Tá an doiciméad oibre teicniúil ar fáil i mBéarla ar EUR-Lex.

Arna déanamh in Frankfurt am Main, an 30 Lúnasa 2024.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

([20]) Féach Airteagal 4(1), pointe (e), de Rialachán SAM.
([21]) Féach aithris 30 de Rialachán SAM.
([22]) Tá an bharúil nach féidir ach cúraimí maoirseachta stuamachta a shannadh do BCE gan dochar don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit na cúraimí maoirseachta a leagtar amach faoin rialachán atá beartaithe a shannadh d'údaráis stuamachta náisiúnta.
([23]) Féach mír 2 de Thuairim CON/2021/40 ón mBanc Ceannais Eorpach an 29 Nollaig 2021 maidir le togra le haghaidh rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (IO C 115, 11.3.2022, lch. 5).
([24]) Féach Airteagal 18(1), pointe (b)(v), den rialachán atá beartaithe.
([25]) Féach mír 3 de Thuairim CON/2022/4 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Feabhra 2022 maidir le togra le haghaidh rialachán lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus um Chomhrac Airgeadais na Sceimhlitheoireachta (IO C 210, 25.5.2022, lch. 5).